# Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh táirge bithicídeach

| | |
|---|---|
| **Ainm an táirge:** | HYPO-CHLOR NEUTRAL 0,25% |
| **Cineál nó cineálacha táirge:** | PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin) |
| **Uimhir an údaraithe:** | EU-0028423-0000 |
| **Uimhir thagartha sócmhainne R4BP 3:** | EU-0028423-0001 |

## Clár Ábhar

FAISNÉIS RIARACHÁIN 1

1.1. Trádainmneacha an táirge 1

1.2. Sealbhóir an údaraithe 1

1.3. Déantóir/déantóirí na dtáirgí bithicídeacha 1

1.4. Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha 1

2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE 2

2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge bhithicídigh 2

2.2. Cineál foirmlithe 2

3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM 2

4. ÚSÁID (nó ÚSÁIDÍ) ÚDARAITHE 3

5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE 5

5.1. Treoracha úsáide 5

5.2. Bearta maolaithe riosca 5

5.3. Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint 5

5.4. Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte 5

5.5. Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála 6

6. FAISNÉIS EILE 6

# FAISNÉIS RIARACHÁIN

## 1.1. Trádainmneacha an táirge

| |
|---|
| HYPO-CHLOR NEUTRAL 0,25% |

## 1.2. Sealbhóir an údaraithe

| | | |
|---|---|---|
| **Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe** | Ainm | Veltek Associates Inc. Europe |
| | Seoladh | Rozengaard 1940 8212DT Lelystad An Ísiltír |
| **Uimhir an údaraithe** | EU-0028423-0000 1-1 | |

| | |
|---|---|
| **Uimhir thagartha sócmhainne R4BP 3** | EU-0028423-0001 |
| **Dáta an údaraithe** | 20/04/2023 |
| **Dáta éaga an údaraithe** | 31/03/2033 |

## 1.3. Déantóir/déantóirí na dtáirgí bithicídeacha

| | |
|---|---|
| **Ainm an déantóra** | Veltek Associates, Inc. |
| **Seoladh an déantóra** | 15 Lee Blvd. PA19355 Malvern Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| **Suíomh na láithreán déantúsaíochta** | 15 Lee Blvd. PA19355 Malvern Stáit Aontaithe Mheiriceá |

## 1.4. Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha

| | |
|---|---|
| **Substaint ghníomhach** | 1391 - Active chlorine released from sodium hypochlorite |
| **Ainm an déantóra** | Univar USA Inc. |
| **Seoladh an déantóra** | 532 E. Emaus Street Pennsylvania 17057 Middleton Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| **Suíomh na láithreán déantúsaíochta** | 532 E. Emaus Street Pennsylvania 17057 Middleton Stáit Aontaithe Mheiriceá |

## 2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE

### 2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge bhithicídigh

| Gnáthainm | Ainm IUPAC | Feidhm | Uimhir CAS | Uimhir CE | Cion (%) |
|---|---|---|---|---|---|
| Active chlorine released from sodium hypochlorite | | Substaint Ghníomhach | | | 0,25 |
| | | | | | |
| Hypochlorite sóidiam | Hypochlorite sóidiam | Substaint neamhghníomhach | 7681-52-9 | 231-668-3 | 1,95 |

### 2.2. Cineál foirmlithe

AL - Réidh le húsáid

## 3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM

| | |
|---|---|
| **Ráitis ghuaise** | Díobhálach don saol uisceach le héifeachtaí buana. |
| **Ráitis réamhchúraim** | Coimeád i bpacáistiú bunaidh amháin.<br>Seachain scaoileadh isteach sa chomhshaol.<br>Ionsúigh doirteadh chun damáiste ábhartha a chosc.<br>Stóráil i gcoimeádán frithchreimneach ina bhfuil líneáil inmheánach dhíonach.<br>Diúscair ábhar chuig de réir na rialála áitiúla. |

## 4. ÚSÁID (nó ÚSÁIDÍ) ÚDARAITHE

### 4.1 Tuairisc úsáide

**ÚSÁID 1 - Úsáid dhífhabhtánach, bhaictéiricídeach, fhuingicídeach agus spóraicídeach - Meitea-SPC 2A**

| | |
|---|---|
| **An cineál táirge** | PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin) |
| **Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe** | - |
| **Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)** | Ainm eolaíoch: Baictéir<br>Gnáthainm: Baictéir<br>Céim na forbartha: Cillíní baictéaracha<br><br>Ainm eolaíoch: Speicis ghiosta<br>Gnáthainm: Giostaí ceallacha<br>Céim na forbartha: Giostaí ceallacha<br><br>Ainm eolaíoch: Fungais<br>Gnáthainm: Fungais<br>Céim na forbartha: Fungais<br><br>Ainm eolaíoch: Spóir bhaictéaracha<br>Gnáthainm: Spóir bhaictéaracha<br>Céim na forbartha: Spóir bhaictéaracha |
| **Réimse (nó réimsí) úsáide** | Faoi dhíon<br><br>Le dromchlaí, ábhair agus trealamh crua neamhscagach neamhbheo a dhíghalrú nach n-úsáidtear le teagmháil dhíreach a dhéanamh le bia nó le hábhair bheatha (seachas don earnáil liachta agus d’úsáidí clúdaithe ag Rialachán (AE) 2017/745 ar ghléasanna liachta).<br>Tá an dífhabhtán le húsáid i saoráidí déantúsaíochta, na limistéir sheomra íonghlain san áireamh a dtagtar orthu sna tionscail chógaisíochta, bhithchógaisíochta, feistí leighis agus dhiagnóiseacha nach bhfuil gníomh meicniúil ar bun iontu.<br>Seomra íonghlan amháin do tháirgí maolánaithe. |
| **Modh (nó modhanna) úsáide** | Airí modha: Mapáil, ceirt, ceirtín, tumadh nó spraeáil (spraeire comhbhrúite 1-3 bhar nó spraeire truicir).<br>Tuairisc mhionsonraithe ar an airí:<br>Ná húsáidtear ach spraeire truicir do tháirgí maolánaithe. |
| **Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe** | Airí úsáide: Réidh le húsáid.<br>Airí caolaithe: -<br>Airí uainithe:<br><br>Déan an táirge a chur mar is gá.<br>Am na teagmhála:<br>- Cóireáil bhaictéiricídeach, ghiostaicídeach agus fhuingicídeach: 8 nóiméad.<br>- Cóireáil spóraicídeach: 40 nóiméad.<br>Teocht an tseomra<br>Dálaí glana |
| **Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí** | Tionsclaíoch |

| | |
|---|---|
| **Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta** | Buidéal Poileitiléin ard-dlúis (HDPE) 100 ml in aghaidh 10 lítear (i méideanna áirithe pacáiste, soláthraítear na truicir ach ní cheanglaítear leis an mbuidéal iad).<br>Buidéal SimpleMix HDPE 473 ml agus 3,79 lítear ina bhfuil buidéal poileitiléin íseal-dlúis (LDPE) níos lú taobh istigh.<br>Druma HDPE 200 lítear. |

### 4.1.1 Treoracha úsáidsonracha úsáide

- Ná húsáid níos mó ná 35 ml/m²

### 4.1.2 Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

-

### 4.1.3 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

-

### 4.1.4 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

-

### 4.1.5 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

-

## 5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE

### 5.1. Treoracha úsáide

•

Cloígh leis na treoracha úsáide.
- Úsáid an táirge laistigh de 24 uair tar éis an tuaslagán maolánach a chur leis (i gcás HYPO-CHLOR® Neutral 0,25% amháin) le húsáid éifeachtúil a chinntiú.
- Cuir le fios do shealbhóir an údaraithe má bhíonn an chóireáil neamhéifeachtach.

- Glan na dromchlaí go dian sula scaiptear an táirge.
- Ná cuir ach ar dhromchlaí neamhscagacha.
- Má tá mapa/ceirt/ceirtín á úsáid, cuir an táirge (déan é a spraeáil/a dhoirteadh) ar an dromchla atá le díghalrú agus úsáid ceirt/mapa/ceirtín ansin leis an táirge a scaipeadh go cothrom ar an dromchla.
- Cinntigh dromchlaí a fhliuchadh go hiomlán leis an táirge. Ceadaigh don táirge dul in éifeacht don am teagmhála riachtanach.
- Sruthlaigh dromchlaí tar éis an ama teagmhála. Ceadaigh don dromchla triomú san aer nó triomaigh trína chuimilt.
- Ní chuimsíonn an t-údarú seo úsáid i gcomhair díghalraithe uirlisí agus ábhair clúdaithe ag Rialachán (AE) 2017/745 Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle.

Rialachán (AE) 2017/745 Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an 5ú Aibreáin 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/EC, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 90/385/CEE ón gComhairle agus Treoir 93/42/CEE (OJ L117, 5.5.2017, p.1).

- Níor cheart táirgí a úsáid i gcomhar le haigéid nó amóinia.
- I gcás spraeire truicir (táirgí maolánaithe), ná cuir an táirge ach ar dhromchlaí beaga.

### 5.2. Bearta maolaithe riosca

- Caith cosaint riospráide: íosmhéid APF 4 chun forchurtha agus sruthlaithe le sprae comhbhrúite (1-3 barra).
- Cinntigh nach bhfuil daoine timpeall sa limistéar cóireála le linn próisis díghalraithe le sprae comhbhrúite (1-3 barra). Más gá go mbeidh daoine timpeall, ba chóir dóibh an TCR agus TCP céanna leis an úsáideoir a chaitheamh.
- Beidh ráta aeraithe ar a laghad 20/h do tháirgí maolánaithe (i gcás HYPO-CHLOR® Neutral 0,25% amháin)
- Seachain gach nochtadh neamhriachtanach.
- Ná cuir an táirge go díreach ar ná i ngar do bhia, beathú nó deochanna, ná ar dhromchlaí nó uirlisí is dóchúil a dhéanfaidh teagmháil dhíreach le bia, beathú, deochanna agus beostoc.

### 5.3. Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

•

MÁ TÁ SÉ AR AN GCRAICEANN: Nigh an craiceann le huisce. Má thagann comharthaí ort, cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.
- I GCÁS INA MBEIDH AN TÁIRGE SNA SÚILE: Má thagann comharthaí ort, sruthlaigh le huisce. Bain lionsaí tadhaill, más ann dóibh agus más éasca amhlaidh a dhéanamh. Cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.
- MÁ SHLOGTAR AN TÁIRGE: Má thagann comharthaí ort, cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.
- I GCÁS INA N-ANÁLÓFAR AN GHAL: Má thagann comharthaí ort, cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.
- Bí cinnte go bhfuil and gabhdán nó an lipéad ar fáil.

### 5.4. Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

- Ná scaoil aon táirge neamhúsáidte ar an talamh, isteach i gcúrsaí uisce, isteach sa phíobaire (doirteal, leithris, srl) ná síos na draenacha.
- Déan an táirge neamhúsáidte, a chuid phacáistiú agus gach dramhaíl eile a dhiúscairt, de réir na rialachán áitiúil

### 5.5. Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

- Ná stóráil os cionn 30°C.
- Cosain ón sioc é.
- Cosain ó sholas díreach gréine.
- Seilfré: 24 mhí

## 6. FAISNÉIS EILE